RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/455 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Márta 2023

lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le hearraí a thagann ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas na Cipire sna limistéir ina bhfeidhmíonn an Rialtas rialú éifeachtach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 10 den Ionstraim Aontachais ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(12) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Rialáil Líne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1166 ón gCoimisiún ([2]), leasaíodh Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 ([3]) agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis. Leis an leasú, baineadh tagairtí do phrátaí síl feirm-shábháilte de na forálacha sin go neamhbheartaithe, rud a d'athraigh raon feidhme na dtagairtí sin.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 a cheartú dá réir sin.

(3) Chun an earráid a cheartú a luaithe is féidir agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le prátaí síl feirm-shábháilte, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Rialachán (CE) 1480/2004 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás prátaí, fíoróidh na saineolaithe thuas gur fásadh na prátaí sa choinsíneacht go díreach ó phrátaí síl a deimhníodh i gceann de na Ballstáit nó ó phrátaí síl a deimhníodh in aon tír eile nach bhfuil toirmeasc ina leith ar phrátaí atá le cur a theacht isteach san Aontas de bhun Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 nó ó phrátaí síl feirm-shábháilte a fásadh, faoi mhaoirseacht na saineolaithe, mar chéad sliocht na bprátaí síl deimhnithe dá dtagraítear sa mhír seo.";

(2) i bpointe 10 d'Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fleasc:

"— i gcás prátaí, gur fásadh na prátaí sa choinsíneacht go díreach ó phrátaí síl a deimhníodh i gceann de na Ballstáit nó ó phrátaí síl a deimhníodh in aon tír eile nach bhfuil toirmeasc ina leith ar phrátaí atá le cur a theacht isteach san Aontas de bhun Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 nó ó phrátaí síl feirm-shábháilte a fásadh, faoi mhaoirseacht na saineolaithe thuas, mar chéad sliocht na bprátaí síl deimhnithe dá dtagraítear thuas.".

([1]) IO L 161, 30.4.2004, lch. 128.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1166 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le hearraí a thagann ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas na Cipire sna limistéir ina bhfeidhmíonn an Rialtas rialú éifeachtach (IO L 181, 7.7.2022, lch. 11).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le hearraí a thagann ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas na Cipire sna limistéir ina bhfeidhmíonn an Rialtas rialú éifeachtach (IO L 272, 20.8.2004, lch. 3).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN